



Cáin Chonarthaí Iomchuí Uimhir Aitheantais an tSuímh

Iúil 2019

Leagan 1.2

Clár

1. Réamhrá.....	3
2. Fógra an Chonartha.....	3
2.1. Cruthaigh an SIN.....	3
2.2. Cuir isteach an SIN.....	5
2.3. Roghnaigh an SIN	7
3. Aschur	8
4. Uaslódáil Thriú Páirtí le haghaidh Conarthaí CCI le huasdátú chun Aitheantóir Suímh na gCoimisinéirí Ioncaim a áireamh	8
5. Fógraí an Chonartha Reatha.....	9
6. Sainmhíniú ar Shuíomh nó Tionscadal	9
7. Conclúid	10
8. Ccanna.....	11

1. Réamhrá

Le héifeacht ón 7 Nollaig 2015, tháinig athrú ar na réimsí a úsáidtear i rith Fógra an Chonartha. Roimhe seo, bhí réimse bosca téacs 'Láthair' amháin ann inar chlósscríobh tú, mar Phríomh-chonraitheoir, láthair na hoibre don Chonradh Iomchuí. Ach ó shin i leith tá réimsí Ainm an tSuímh nó Tionscadail agus Seoladh ann.

Bainteach leis na réimsí nua seo tá Uimhir Aitheantais an tSuímh (SIN); nuair a chuireann Príomh-chonraitheoirí Fógra an Chonartha nua isteach trí ROS, faigheann siad Uimhir Aitheantais an tSuímh don Suíomh nó Tionscadal sin. Ba chóir an uimhir seo a úsáid ansin le haghaidh conarthaí uile ina dhiaidh sin a chuireann Príomh-chonraitheoirí isteach maidir leis an Suíomh nó Tionscadal seo. Nuair a úsáideann Príomh-chonraitheoir nó a bhfo-chonraitheoirí an uimhir SIN seo lena gcuid conarthaí ina dhiaidh sin don Suíomh nó Tionscadal seo, bíonn na réimsí Ainm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail réamh-shonraithe go huathoibríoch dóibh.

Nuair is conradh cothabhála nó deisiúcháin é an conradh, agus tá an fo-chonraitheoir ag obair i roinnt mhaith láithreacha éagsúla ar son an Phríomh-chonraitheora, ba cheart don Phríomh-chonraitheoir Ainm an tSuímh nó Tionscadail a chur síos mar 'Conradh cothabhála le haghaidh.....', agus i gcásanna dá leithéid, is féidir seoladh na ceannoifige a chur isteach (i.e. is féidir leis an bPríomh-chonraitheoir seoladh a cheannoifige féin a chur isteach) mar an seoladh don chonradh seo (seachas an t-uallach riaracháin de sheoltaí iolracha a chur isteach do gach láthair ina bhfuil obair an Chonartha Iomchuí á ndéanamh).

Nuair nach conradh cothabhála nó deisiúcháin é an Conradh Iomchuí agus níl an fo-chonraitheoir ag obair i láithreacha iolracha, tá áis ann don Phríomh-chonraitheoir chun suas go 10 seoladh suímh a chur isteach do gach conradh.

Beidh Príomh-chonraitheoirí in ann breathnú ar SINanna uile ar ROS.

I gcomhréir leis an reachtaíocht, tá sé tábhachtach go gcuirfeá, mar Phríomh-chonraitheoir, d'Fhógraí an Chonartha isteach a luaithe agus is féidir tar éis dul isteach i gconradh iomchuí leis na fo-chonraitheoirí. Tá sé seo ann, ionas go mbeidh rochtain láithreach ar an uimhir SIN ag d'fho-chonraitheoir, ar féidir gur Príomh-chonraitheoir é nó í freisin, más rud é gur gá dóibh fo-chonraitheoirí a fhosú ina dhiaidh sin. Mura bhfuil Príomh-chonraitheoir ag comhlíonadh an dualgais reachtaíochta seo, d'fhéadfadh dliteanas pionóis a bheith orthu.

2. Fógra an Chonartha

Nuair atá Príomh-chonraitheoirí ag déanamh Fógra an Chonartha, ba chóir dóibh SIN a chruthú d'aon suíomh nó tionscadal nach bhfuil ceann acu. Déantar é sin trí Ainm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail a chur isteach. Don suíomh nó tionscadal a bhfuil SIN acu cheana féin, is féidir leis an bPríomh-chonraitheoir ceachtar an SIN a chur isteach nó an SIN a roghnú ó liosta na gconarthaí i ROS.

2.1. Cruthaigh an SIN

Má theastaítear, is féidir le Príomh-chonraitheoir an cnaipe 'Suíomh Nua' a roghnú. Leis seo glanfar aon fhaisnéis maidir leis an suíomh a cuireadh isteach cheana agus beidh an Príomh-chonraitheoir in ann aon suíomh atá acu a chur i bhfolach (nó aon suíomh reatha a thaispeáint, más gá). Cruthaíonn

an rogha seo SIN nua agus caithfidh an conraitheoir Ainm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail a chur isteach.

Mar bhailíochtú, tar éis ‘Suíomh Nua’ nua a chliceáil, iarrfar ar an bPríomh-chonraitheoir ‘An tú an Príomh-Chonraitheoir ar an suíomh seo? Chun dul ar aghaidh, caithfidh siad ‘Sea’ a roghnú nó ‘Chuaigh an Príomh-chonraitheoir príomha isteach sa chonradh roimh Nollaig 2015’. Má roghnaíonn an Príomh-chonraitheoir ‘Níl’, feicfead teachtaireacht rabhaidh agus ní féidir leis an bPríomh-chonraitheoir dul ar aghaidh. Is mar seo atá an teachtaireacht rabhaidh: -

‘Ba chóir don Phríomh-Chonraitheoir ar an suíomh seo Uimhir Aitheantais an tSuímh a thabhairt duit. Déan teagmháil leis an bPríomh-Chonraitheoir chun í a fháil roimh dhul ar aghaidh. Ná déan iarracht Uimhir Aitheantais an tSuímh breise a chruthú le haghaidh suímh reatha.’

Iarrtar ar an bPríomh-chonraitheoir ansin ‘An bhfuil an obair i láthair amháin nó in áit oibriúcháin níos leithne? Arna ‘Láthair Shingil’ a roghnú, iarrfar ar an bPríomh-chonraitheoir Ainm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail a chur isteach.

Sonraí an Chonartha

Earnáil *	Foirgníocht
Cineál na hOibre *	Teach nua
Ar tugadh Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí duit don Tionscadal/ Chonradh seo? *	Níl
+ Suíomh Nua + Sonra suíomhanna	
An tú an Príomh-Chonraitheoir ar an suíomh seo? *	Is féidir
An bhfuil an obair ag ionad amháin nó in áit oibriúcháin níos leithne? *	Láthair Shingil
▼ Ainm agus Seoladh an tSuímh	
Ainm an tSuímh/Tionscadail *	
Seoladh Líne 1 *	
Seoladh Líne 2	
Seoladh Líne 3	
Contae *	Roghnaigh ceann amháin le do thoil...
Eircode	
Dáta Tosaithe na hOibre *	
Dáta Críochnaithe na hOibre *	
<i>Má tá an conradh críochnaithe, iontráil dáta an lae inniu le do thoil.</i>	
Luach Measta an Chonartha *	
Cin Aitheantóir Suímh	
Cealaigh	Lean ar aghaidh

Figiúr 1. Fógra an Chonartha, SIN cruthaithe trí Ainm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail a chur isteach

Má roghnaíonn an Príomh-chonraitheoir réimse leathan de láthair, bíonn rogha acu seoltaí iolracha a chur isteach, chun aird a thabhairt ar láithreacha iolracha na n-oibreacha don Chonradh Iomchuí. Is féidir leis an rogha seo glacadh le huasmhéid de 10 seoladh. Má tá breis agus 10 seoladh i gceist sna hoibreacha agus ní féidir amharc ar na hoibreacha seo mar chonradh cothabhála nó deisiúcháin, ba cheart don Phríomh-chonraitheoir gan ach na láithreacha is tábhachtaí do na hoibreacha a chur isteach, leis an seoladh is tábhachtaí ar dtús.

Leagtar amach sa Réamhrá thuas conas ba cheart do Phríomh-chonraitheoirí déileáil le conarthaí cothabhála nó deisiúcháin. Ina theannta sin, gheofar sampla thíos. Leis na sonraí seo curtha isteach, cuirfear cnaipe 'Gin Aitheantóir Suímh' i láthair an Phríomh-chonraitheora. Nuair a ghintear an SIN, feicfear rabhadh a bhaineann le húsáid na SIN i gconarthaí amach anseo: -

'Bí ar an eolas go gcaithfear an chéad chonradh do shuíomh nua a iontráil sa leathanach 'Admháil Fógra an Chonartha' sular féidir an t-aitheantóir suímh a úsáid chun conarthaí breise a chur isteach don suíomh céanna.'

Is é sin, is gá go mbeadh Fógra an Chonartha comhlánaithe go hiomlán sula n-úsáidtear an SIN i gconradh eile.

Ba cheart Uimhir Aitheantais an tSuímh (SIN) a úsáid ar chonarthaí uile tar éis sin do chonraitheoirí uile don suíomh nó tionscadal céanna.

Is féidir leis an bPríomh-chonraitheoir dul ar aghaidh ansin le Fógra an Chonartha a chur isteach.

2.2. Cuir isteach an SIN

Sonraí Pearsanta an Fhochonraitheora

Uimhir Thagartha Cánach an Fhochonraitheora *	<input type="text"/>
Ainm an Fhochonraitheora *	<input type="text" value="RCT RCT"/>
Léirigh mura bhfuil an Uimhir Thagartha Cánach ar fáil	<input type="checkbox"/>
An bhfuil an Fhochonraitheoir i seilbh áit sheasta ghnó chun orduithe a thógáil, conarthaí a chur in áirithe, ábhair agus trealamh a stóráil srl? *	<input checked="" type="radio"/> Is féidir <input type="radio"/> Níl

Sonraí an Chonartha

Earnáil *	<input type="text" value="Foirgníocht"/>
Cineál na hOibre *	<input type="text" value="Foirgníocht Teach nua"/>
Ar tugadh Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí duit don Tionscadal/ Chonradh seo? *	<input type="text" value="Is féidir"/>
Cuir Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí isteach *	<input type="text"/> Fíoraigh UAS na gCoimisinéirí
Dáta Tosaithe na hOibre *	<input type="text"/>
Dáta Críochnaithe na hOibre *	<input type="text"/>

Má tá an conradh críochnaithe, iontráil dáta an lae inniu le do thoil.

Figiúr 2. Fógra an Chonartha, cuir an SIN isteach (Baineadh na hUimhreacha Tagartha Cánach amach)

Nuair atáthar ag comhlánú Fógra an Chonartha, beidh ceist sa bhreis le comhlánú - Ar tugadh Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí duit don Tionscadal nó Chonradh seo? Má chuireann an Príomh-chonraitheoir 'Sea' isteach, iarrfar orthu an SIN a chur isteach. Nuair a chuirtear an SIN isteach, ba cheart don Phríomh-chonraitheoir an cnaipe 'Fíoraigh Uimhir Aitheantais an tSuímh de chuid na gCoimisinéirí' a chliceáil agus déanfar bailíochtú ar an SIN. Beidh Fógra an Chonartha réamh-shonraithe go huathoibríoch le hAinm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail.

Do Phríomh-chonraitheoirí atá ag cur conarthaí iolracha isteach ag an am céanna i mód as-líne, déantar bailíochtú ar an SIN a chuirtear isteach ag an uaslódáil agus ní bhíonn an rogha fíorúcháin le feiceáil. Nuair atá SIN bhailí curtha isteach, taispeánann an córas sonraí an Phríomh-chonraitheora príomha agus seoladh an tsuímh araon, is féidir leis an bPríomh-chonraitheoir a dhearbhu go bhfuil na sonraí ceart.

Má chuireann an Príomh-chonraitheoir 'Níl' isteach, is féidir leis an SIN a roghnú ó liosta na gconarthaí atá bainteach leo agus a cuireadh isteach cheana ar an gcóras r-CCI, nó is féidir leo suíomh nua a chur isteach. Nuair a chuireann an Príomh-chonraitheoir suíomh nua isteach, ginfear SIN nua agus nuair atá Fógra an Chonartha comhlánaithe, cuirfear an SIN in iúl don Phríomh-chonraitheoir agus don Fho-chonraitheoir araon.

Sonraí an Chonartha

Earnáil *	Foirgníocht
Cineál na hOibre *	Foirgníocht Teach nua
Ar tugadh Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí duit don Tionscadal/ Chonradh seo? *	Is féidir
Cuir Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí isteach *	ROS1320W Fíoraigh UAS na gCoimisinéirí

Príomh-Chonraitheoir Príomha	TOMS CASE
▼ Ainm agus Seoladh an tSuímh	
UAS na gCoimisinéirí	ROS1320W
Ainm an tSuímh/Tionscadail	Láithreán tástála
Seoladh	sddssd
	sddssd
	Co. Ros Comáin

Dáta Tosaithe na hOibre *	26/11/2015
Dáta Críochnaithe na hOibre *	20/05/2016
<i>Má tá an conradh críochnaithe, iontráil dáta an lae inniu le do thoil.</i>	
Luach Measta an Chonartha *	200000

Figiúr 3. Fógra an Chonartha, SIN bailíochtaithe agus Ainm agus Seoladh an Tionscadail réamh-shonraithe go huathoibríoch (Baineadh na hUimhreacha Tagartha Cánach amach)

Má chuirtear SIN isteach i bhformáid neamhbhailí, feicfear teachtaireacht earráide ar an scáileán 'Níl Aitheantóir Suímh na gCoimisinéirí a cuireadh ar fáil i bhformáid bhailí' agus ní ligtear don Príomh-chonraitheoir leanúint ar aghaidh leis an gconradh a chur isteach. Má chuirtear an SIN isteach

i bhformáid cheart, ach ní SIN chlártaite í, seo an teachtaireacht earráide a fheicfeadh 'Ní bhfuarthas an Uimhir SIN'

2.3. Roghnaigh an SIN

Sonraí an Chonartha

Eamáil *

Cineál na hOibre *

Ar tugadh Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí duit don Tionscadal/ Chonradh seo? *

+ Suíomh Nua + Folaigh suíomhanna

Láthair Suíomhanna Reatha

Roghnaigh ó cheann de na suíomhanna reatha thíos, trí chliceáil ar an dtic-íocón ✓ nó brú "Suíomh Nua" chun suíomh nua a chruthú.
Nóta: Suíomh neamhghníomhach is ea aon suíomh le cló iodálach.

UAS na gCoimisinéirí	Ainm an tSuímh/Tionscadail	Seoladh Líne 1	Seoladh Líne 2	Seoladh Líne 3	Contae	Eircode	Roghnaigh Suíomh
D2212345750V	Project Test	address line 1	address line 2	address line 3	Baile Átha Cliath 22		✓
DON12345748M	project	test	test	test	Co. Dhún na nGall		✓
D1812345747K	test	test	test		Baile Átha Cliath 18		✓
D1012345741V	Project	address			Baile Átha Cliath 10		✓
D201487M	site name	address line one			Baile Átha Cliath 20		✓
LOC1302U	name 1	sdsdsd			Co. Ros Comáin		✓
VMC1324H	nameone	addressone	addresstwo	addressthree	Co. Chill Mhantáin	A559C8K	✓
OFF1323F	name	address one	address two	address three	Co. Uíbh Fhailí		✓
D031321B	Teach Nua 28 test St	address line one			Baile Átha Cliath 3		✓
ROS1320W	Site Test	sdsdsd	sdsdsd		Co. Ros Comáin		✓
TIP1319O	updating project name	sdsdsd	assaas		Co. Thiobraid Árann		✓
GAL1318M	Site Name	sdsdsd			Co. na Gaillimhe		✓
LOC1316I	asassaas	qwqwqw			Co. Chill Chainnigh		✓
LOC1314E	werre	qwqwqwqwqw			Co. Loch Garman		✓
WES1291S	dasdsda	dsdsd	sdsds	sdsdsdsd	Co. na hIarmhí		✓
LOU1290Q	qqqqqq	aaaaaa	xxxxxx		Co. Luí		✓
D011287E	saasasas	sdsd	sdsdsd		Baile Átha Cliath 1		✓

Dáta Tosaithe na hOibre *

Dáta Críochnaithe na hOibre *

Má tá an conradh críochnaithe, iontráil dáta an lae inniu le do thoil.

Figúir 4. Fógra an Chonartha ag taispeáint liosta na gconarthaí, ionas gur féidir SIN a roghnú, nó is féidir le Príomh-chonraitheoir an cnaipe Suíomh Nua a roghnú

Mar a deirtear thuas, má chuireann an Príomh-chonraitheoir 'Níl' isteach don cheist 'Ar tugadh Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí duit don Tionscadal nó Chonradh seo?' is féidir leo an SIN a roghnú ó liosta na gconarthaí atá bainteach leo agus a chuir siad isteach cheana ar an gcóras r-CCI, nó is féidir leo suíomh nua a chur isteach.

Nuair a roghnaítear 'Níl', feicfeadh tábla suíomh uile atá nasctha leis an gConraitheoir. Is féidir leis an gConraitheoir ceann amháin a roghnú ón liosta tríd an íocón ticmhairc uaine '✓' a roghnú ar dheis na suíomh a thaispeántear. Le sin roghnaithe, taispeántear sonraí an tsuímh ar an scáileán, lena n-áirítear an Príomh-chonraitheoir príomha agus Ainm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail ar an láthair sin.

Cuirfear na suímh in ord, ionas go mbeidh an ceann is nua ag barr an liosta. Chun idirdhealú a dhéanamh idir suímh ghníomhacha agus neamhghníomhacha, feicfear suímh neamhghníomhacha i gcló lodálach. Is féidir leat suíomh neamhghníomhach a roghnú agus a athghníomhú sa chás go gcláraítear conradh. Chun críocha Fógra an Chonartha, ‘suíomh neamhghníomhach’ is ea conradh a bhfuil dáta deiridh an chonartha sin éagtha.

Mura bhfuil aon suíomh reatha le SIN ag Príomh-chonraitheoir, feicfear an teachtaireacht ‘Ní aon suíomh reatha agat ar thaifead.’.

Sonraí an Chonartha

Earnáil *	Foirgníocht
Cineál na hOibre *	Teach nua
Ar tugadh Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí duit don Tionscadal/ Chonradh seo? *	Nil

+ Suíomh Nua + Sonra suíomhanna

Príomh-Chonraitheoir Príomha	TOMS CASE
▼ Ainm agus Seoladh an tSuímh	
UAS na gCoimisinéirí	WC1324H
Ainm an tSuímh/Tionscadail	nameone
Seoladh	addressone addresstwo addressthree Co. Chill Mhantáin A559C8K

Dáta Tosaithe na hOibre *	<input type="text"/>
Dáta Críochnaithe na hOibre *	<input type="text"/>
<i>Má tá an conradh críochnaithe, iontráil dáta an lae inniu le do thoil.</i>	
Luach Measta an Chonartha *	<input type="text"/>

Ceallaigh Lean ar aghaidh >

Figiúr 5. Fógra an Chonartha, SIN roghnaithe Ainm agus Seoladh an Tionscadail réamh-shonraithe go huathoibríoch

3. Aschur

Cuirfear Uimhir Aitheantais an tSuímh in iúl d’Fho-chonraitheoirí uile ar litir dhearbhaithe an chonartha. Ina theannta sin, má leasaíonn an Príomh-chonraitheoir sonraí an chonartha, cuirfear é sin in iúl don fho-chonraitheoir agus feicfear an uimhir SIN ar litir Leasaithe an Chonartha.

Sa tslí seo, cuirfear SINanna don suíomh nó tionscadal in iúl do chonraitheoirí uile atá ag obair ar an suíomh nó tionscadal sin. Ligfidh sé seo do chonraitheoirí uile a SINanna reatha a úsáid nuair atá siad ag déanamh a gcuid Fógraí an Chonartha, mar is cúí.

4. Uaslódáil Thriú Páirtí le haghaidh Conarthaí CCI le huasdátú chun Aitheantóir Suímh na gCoimisinéirí Ioncaim a áireamh

Do na Príomh-chonraitheoirí sin a úsáideann bogearraí triú-páirtí chun Fógraí an Chonartha a uaslódáil, cuirfear Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí leis an gcomhad uaslódála XML

don tseirbhís bhreise don conradh CCI. Ní ligeann an tseirbhís seo ach uaslódáil do conarthaí a bhfuil Uimhir Aitheantais an tSuímh bhailí reatha acu.

Arna uaslódáil, tá truícear ann do bhailíochtú nua a sheiceálfaidh an uimhir SIN a cuireadh ar fáil agus í a chur i gcomparáid leosan atá ar thaifead. Mura bhfuil meaitseáil ann, seolfar earráid bhailíochtaithe chuig an úsáideoir.

Ní cheadaíonn an uaslódáil ach conradh amháin i ngach uaslódáil, sa chás nach bhfuil SIN ag na conarthaí sin a uaslódáileadh. Tá sé seo ann toisc gur gá SIN a chur ar fáil ar bhonn cás ar chás, chun cosc a chur ar chruthú SINanna dúblacha don suíomh nó tioncsadal céanna. Is féidir conarthaí iolracha (suas go 10) a uaslódáil ag an am céanna má chuirtear SIN ar fáil leis na conarthaí sin.

5. Fógraí an Chonartha Reatha

Ní bhíonn SIN ag gabháil le haon conradh a cuireadh isteach sa chóras r-CCI roimh Nollaig 2015. Ní fheicfead na conarthaí seo ar liosta na gconarthaí reatha (féach Figiúr 4) nuair atá Príomh-chonraitheoir ag iarraidh SIN a roghnú d'Fhógra an Chonartha reatha. Ní dhecaigh na Coimisinéirí loncaim i mbun próisis tiontaithe chun SIN a thabhairt dóibh.

Iarradh ar Phríomh-chonraitheoirí a leasaíonn conarthaí reatha tar éis na Nollag 2015 sonraí ábhartha i leith Ainm agus Seoladh an tSuímh nó Tionscadail a chur ar fáil, murar chruthaíodh ceann acu cheana agus ansin tabharfar SIN don conradh sin.

6. Sainmhíniú ar Shuíomh nó Tionscadal

I gcoitinne, ba cheart aon suíomh nua agus an SIN ina dhiaidh sin a chruthú do gach Tionscadal foriomlán. Laistigh de seo tá deiseanna ann sa chás go mbeadh SINanna iolracha ann do láithreacha an chonartha céanna – tarlaíonn sé seo sa chás nach bhfuil na conarthaí sin gaolta leis an dTionscadal céanna, e.g.

Féach mar shampla an cás seo a leanas nuair a bheadh 4 SIN dhifriúla ann don láthair chéanna: -

Tá scoil nua, Scoil Naomh Iósaf, le tógáil i gCluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath....

a) Scoil nua a thógáil ag an seoladh ó Nollaig 2019 go dtí Feabhra 2023

Ba cheart go n-úsáidfí an SIN chéanna ar chonarthaí uile ó Phríomh-chonraitheoirí uile atá ag obair ar thógáil na scoile seo, a ghin an Príomh-chonraitheoir príomha nuair a chuaigh siad isteach sa chéad conradh.

b) An conradh cothabhála nó deisiúcháin le haghaidh chothabháil na bhfuinneog sa scoil chéanna (agus do 25 scoil eile) ó 2019 go dtí 2023

Tá an conradh cothabhála nó deisiúcháin seo mar chuid de chonradh le haghaidh chothabháil na bhfuinneog i 25 foirgneamh eile. Sa chás seo, ba cheart don Phríomh-chonraitheoir conradh nua a chruthú leis an SIN nua. Ba cheart Ainm an tSuímh nó Tionscadail don conradh seo a chur síos mar 'Conradh cothabhála le haghaidh chothabháil na bhfuinneog i 25 scoil i Réigiún Bhaile Átha Cliath.' agus is é seoladh cheanncheathrú an Phríomh-chonraitheora an seoladh atá le húsáid le Fógra an Chonartha seo.

c) Cothabháil nó deisiúchán shonrach leanúnach sa scoil seo amháin

Ba cheart conarthaí cothabhála nó deisiúcháin uile nach mbaineann ach leis an scoil seo amháin a chur le chéile san aon SIN amháin. Ligfidh sé seo don Phríomh-chonraitheoir Ainm agus Seoladh an Tionscadail a réamhshonrú go huathoibríoch do gach Fógra an Chonartha ag an láthair seo. Sa chás seo, ba cheart 'Conarthaí cothabhála a tharlaíonn i Scoil Naomh Íosa' a bheith mar Ainm an Tionscadail; ba cheart an seoladh seo a úsáid mar sheoladh na scoile.

d) Halla gleacaíochta nó spóirt a thógáil ag an scoil chéanna, ritheann an Conradh ó Iúil 2023 go dtí Iúil 2024.

Tionscadal nua é seo a tharlaíonn sa láthair chéanna de Thionscadal roimhe seo. Ba cheart go mbeadh SIN nua aige, agus ba cheart an SIN chéanna a úsáid le conarthaí uile ó na Príomh-chonraitheoirí atá ag obair le tógáil an halla spóirt seo. Arís, ginfidh an Príomh-chonraitheoir príomha an SIN nuair ata siad ag dul isteach sa chéad chonradh don Tionscadal seo. Cruthóidh an córas r-CCI an SIN do na fo-chonraitheoirí ina dhiaidh sin.

7. Conclúid

Ó Nollaig 2015, tá réimse mandáideach ann sa phróiseas a bhaineann le Fógra an Chonartha san chóras r-CCI. Is le haghaidh 'Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí' (SIN) atá an réimse nua seo. Beidh SIN ag teastáil ó gach conradh nuair atá an próiseas um Fhógra an Chonartha á chomhlánú. Is uimhir aitheantais í an SIN a ghineann an córas agus a gcuirtear i bhfeidhm ar an láthair nó ar na láithreacha ag a bhfuil obair ábhartha le tarlú faoi chonradh ar leith.

Ón dáta thuas, nuair atá Príomh-chonraitheoir ag nuashonrú an chórais r-CCI le sonraí conartha nua ag láthair nua don chead uair, cuirfidh an córas Uimhir Aitheantais an tSuímh na gCoimisinéirí ar fáil go huathoibríoch nuair a chuirtear láthair an oibriúcháin iomchuí isteach. Cuirfear an SIN seo ar fáil freisin don bhFo-chonraitheoir ar Fhógra an Chonartha a eisítear leo. Nuair atáthar ag aithint láthair an oibriúcháin iomchuí, cuirfidh Príomh-chonraitheoirí Ainm an tSuímh nó Tionscadail agus an Seoladh araon isteach.

Nuair atá an SIN ginte ag an gcóras, ba cheart don Phríomh-chonraitheoir nó don Fho-chonraitheoir gan ach an SIN a chur isteach, seachas an láthair i dtaobh aon nuashonrú a dhéanann siad amach anseo ar an gcóras r-CCI maidir leis an suíomh nó tionscadal céanna.

Chun go mbeadh fógra an SIN san Fhógra an Chonartha do chonraitheoirí a theastaíonn uathu sin a chinntiú, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuireann Príomh-chonraitheoirí a gcuid Fógraí an Chonartha isteach a luaithe agus is féidir tar éis dóibh Conradh Iomchuí a chur isteach do na fo-chonraitheoirí atá acu. Tá sé seo amhlaidh ionas go mbeadh rochtain láithreach ag na fo-chonraitheoirí sin ar Príomh-chonraitheoirí iad freisin, Uimhir Aitheantais an tSuímh, sa chás go dteastaíonn uathu fo-chonraitheoirí a fhostú ina dhiaidh sin don Tionscadal céanna. Má tá Príomh-chonraitheoir ag sárú an dualgais reachtaíochta seo, d'fheadfadh dliteanas pionóis a bheith orthu.

8. Ccanna

Cuireadh an liosta Ccanna seo a leanas le chéile chun níos mó soiléireachta a chur ar fáil agus chun cabhrú ó thaobh ualaí riaracháin a eascraíonn óna mhí-úsáid a sheachaint.

8.1 Cén fáth ar tugadh an SIN isteach?

Cinntíonn an SIN go bhfuil an t-eolas ceart ag na Coimisinéirí i leith suíomhanna conarthaí iomchuí. Déantar é seo ar dhá shlí: -

- ainm agus seoladh Tionscnaimh nó Suímh a iarraidh seachas Suíomh conartha a iarraidh
- an SIN a úsáid mar mhodh chun ligean do Phríomh-chonraitheoirí an t-ainm agus seoladh ceart i gcomhair Tionscnaimh nó Suímh a chur ina gcuid Fógraí an Chonartha roimh ré

8.2 Mura bhfuair mo Phríomh-chonraitheoir SIN, mar Phríomh-chonraitheoir nó Fho-chonraitheoir ar chóir dom dul i dteagmháil leis nó leí agus iarraidh air nó uirthi an SIN a fháil?

Ní chóir. Ní thiontófar conarthaí atá ann cheana agus ní thugann na Coimisinéirí loncaim SIN dóibh. Ní thabharfar SIN ach do chonarthaí atá ann cheana a leasaíonn na Príomh-chonraitheoirí iad féin iad - déantar é seo trí iarraidh ar an bPríomh-chonraitheoir ainm agus seoladh Tionscnaimh nó Suímh a chur ar fáil nuair atá an Conradh á leasú acu. Dá bharr seo nuair a thiontaíonn fo-chonraitheoir ina Phríomh-chonraitheoir nó Fho-chonraitheoir trí fo-chonraitheoir a fhostú ar Thionscnamh nó Shuíomh tá seans ann nach mbíonn SIN acu gur féidir leo úsáid a bhaint as nuair a dhéanann siad a bhFógra Conartha féin. I gcás mar seo ba chóir don Phríomh-chonraitheoir nó Fho-chonraitheoir a SIN féin a chruthú don Tionscnamh nó Suíomh, agus ligtear dóibh é seo a úsáid acu agus ag a bhfo-chonraitheoirí ina dhiaidh sin.

Tá sé seo déanta mar chuid d'Fhógra an Chonartha trí lua ar dtús nár cuireadh SIN ar fáil duit agus ansin tríd an gcnaipe 'Suíomh Nua' a chliceáil. Tá an chéad pháirt eile tábhachtach ó thaobh na ceiste áirithe seo – iarrfar ar an bPríomh-chonraitheoir nó bhFo-chonraitheoir 'An tusa an Príomh-chonraitheoir is mó ar an suíomh?' Tá trí fhreagra ar fáil, 'Is mise', 'Ní mise' nó 'Rinne an Príomh-chonraitheoir is mó an Conradh roimh Nollaig 2015' – ní mór don Phríomh-chonraitheoir nó Fho-chonraitheoir an freagra deireanach ar an gceist seo a shonrú. Ansin is féidir leo ainm agus seoladh an Tionscnaimh nó tSuímh a chur isteach agus a SIN féin a ghineadh.

8.3 De ghnáth bíonn líon mór suíomhanna ag conarthaí iomchuí tarlaithe: an féidir an treorú do chonarthaí cothabhála a úsáid i gcásanna dá leithéid?

Is féidir. Más Conradh tarlaithe chuig a lán suíomhanna éagsúla é an Conradh iomchuí ar mian leat fógra a thabhairt faoi is féidir le Príomh-chonraitheoirí cur síos a dhéanamh ar ainm an tSuímh nó Tionscnaimh mar 'Conradh tarlaithe trasna réigiún'. Sa chás sin is féidir leo seoladh na príomhoifige a chur isteach (i. is féidir leis an bPríomh-chonraitheoir seoladh a Phríomhoifige féin a chur isteach) mar an seoladh don chonradh seo (chun an t-ualach riaracháin a bheadh i gceist lena lán seoltaí iolracha a chur isteach do gach suíomh a bhfuil an Conradh tarlaithe ag seachadadh chuige a sheachaint).

8.4 Mar Phríomh-chonraitheoir tá diúscairt dramhaíola agam do chonarthaí beaga iolracha atá clúdaithe ag scipe bruscair i mo Phríomhoifig. Conas a bhainistim Fógra an Chonartha agus Fógra Íocaíochta ina dhiaidh sin?

I gcás mar sin, i ndáiríre tagraíonn conradh amháin leis an bhfo-chonraitheoir diúscairt dramhaíola do a lán mionsuíomhanna iolracha atá scaipte thar cheantar leathan. Nuair atá Fógra an Chonartha á dhéanamh ag an bPríomh-chonraitheoir is féidir leis nó leí 'súíomh ceantar leathan' a roghnú agus suas go dtí 10 seoladh a chur isteach i gcomhair conartha. I bhfianaise go bhféadfadh i bhfad níos mó súíomhanna a bheith ar chonradh dá leithéid, is féidir leis an bPríomh-chonraitheoir déileáil le fógra conartha i modh atá cosúil leis an gceann a mholtar maidir le conarthaí cothabhála nó deisiúcháin. i.e. 'Diúscairt Dramhaíola do Chonarthaí trasna an réigiúin xxxx' a chur in Ainm an Tionscnaimh, agus seoladh Príomhoifig an Phríomh-chonraitheora a chur sa Seoladh. Meastar gur bealach cuí is ea é an cur chuige seo chun déileáil leis an ualach riaracháin a bhaineann lena lán seoltaí a líonadh isteach i gcomhair conartha iomchuí, i gcás nach bhfuil fostú fo-chonraitheoirí ag conradh dá leithéid ina dhiaidh sin.

8.5 Cén éifeacht atá ag an SIN ar Fhógra Íocaíochta ar chonarthaí rollacha?

Ní chuireann an SIN isteach ar an gcóras Fógra Íocaíochta. Tá an SIN tar éis sonraí níos beaichte a éileamh chun cur síos a dhéanamh ar shuíomh conartha iomchuí. Roimhe seo réimse téacs neamh-dheimhnithe ar a tugadh 'Súíomh' a bhí anseo – tá Ainm agus Seoladh Tionscnaimh nó Suímh curtha ina n-áit seo anois. Níor athraigh an méid seo nádúr conarthaí rollacha – Fós is féidir conarthaí a leasú chun iad a chur in oiriúint do luachanna conartha nua agus dátaí deiridh nua, agus fós is féidir íocaíochtaí a dhéanamh ar na conarthaí seo.

Tar éis tabhairt isteach an chórais r-DIC tá dhá lamháltais curtha i bhfeidhm maidir le Fógraí an Chonartha agus Fógraí Íocaíochta. Ligeann na lamháltais seo do Phríomh-chonraitheoir: -

- íocaíochtaí ar aon cheann de na conarthaí don Fho-chonraitheoir céanna a chur isteach, is cuma cén conradh ar leith a mbaineann an íocaíocht sin leis (féach I.R. 412 in 2013 agus eBrief 47/13)
- dáta agus luach conarthach conraidh atá ann cheana le Fo-chonraitheoir a shíneadh amach in ionad conradh nua don Fho-chonraitheoir céanna sin a chur isteach, dá bhfostófaí arís é nó í. (féach Lámhleabhar Cánach agus Dleachtanna 18-02-04)

Níor tarraingíodh na lamháltais seo siar fós. Fós is féidir le Príomh-chonraitheoirí na híocaíochtaí uilig chuig fo-chonraitheoir a chur ar chonradh amháin, ach ní mór dóibh na conarthaí uilig inar ghlac siad páirt a chur isteach sa chóras r-DIC. Is féidir le Príomh-chonraitheoirí conarthaí atá ann cheana féin a shíneadh amach d' fho-chonraitheoirí lena bhfuil siad rannpháirteach cheana, seachas conarthaí nua a dhéanamh.

8.6 Níl aon Phríomh-chonraitheoir is mó i gcás teach féin-tógála. Conas a oibreoidh an SIN?

I gcás tithe féin-tógála ní conradh iomchuí é an conradh leis an úinéir tí (go hondúil) ós rud é nach bhfuil baint ag an úinéir tí le tógáil mar chuid dá ngairm bheatha.

I gcás ina bhfostódh fo-chonraitheoir an úinéir tí a bhfo-chonraitheoirí féin ghinfeadh gach fo-chonraitheoir a SIN féin, go hondúil ag cur síos ar ainm a dTionscnaimh féin mar 'Ag leagan bloc do theach ag 31 Bóthar Naomh Séamais' agus bheadh mionphointí an seolta mar a dhlitear. Ar an gcuma chéanna d'fhéadfadh 'Plástráil do theach ag 31 Bóthar Naomh Séamais' a bheith ann.

Ní dócha go ligfeadh fo-chonraitheoirí atá páirteach i gceirdeanna difriúla ar fhéin-tógáil obair ar fochonradh i slí shubstaintiúil. Má dhéanann siad é sin, beidh ar na fo-chonraitheoirí sin ainm agus seoladh a gconartha a shonrú. Go bunúsach, dhéanfaidh gach fo-chonraitheoir, mar is gá, an súíomh

a chlárú agus SIN a chruthú. Sa chaoi seo, d'fhéin-tógálacha, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfostóidh úinéirí tí conraitheoirí iolracha a chruthóidh, b'fhéidir, SINanna iolracha do thionscnamh amháin.

Ní chuirtear an t-eolas atá sa doiciméid seo ar fáil ach amháin mar threoir agus ní chomhairle gairmiúil ata i gceist ann. Ní fiú é tabhairt le fios gur comhairle cuimsitheach atá i gceist ná dtugann sé freagra foirfe i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí loncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí loncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí loncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach Príobháideachas ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.